



Coláiste Aonad Bainistíochta	Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD
Scoil Aonad	Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair (más ábhartha)	Oifigeach Teicniúil
Tréimhse an Phoist	Buan
Grád	Oifigeach Teicniúil
Bainisteoir Líne	Ceann Scoile agus/nó a (h)ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019204
Riarthóir Acmhainní Daonna	Linda Meili

Achoimre ar an bPost:

Fáiltítear roimh iarratais don phost mar Oifigeach Teicniúil i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, chun tacú le taighde agus teagasc innealtóireachta sibhialta, go háirithe é sin a bhaineann le tacaíocht saotharlainne agus obair allamuigh. Is scoil dhinimiciúil, taighde-dhírthe í Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, a bhfuil fócas soiléir aici ar chlár theagaisc den scoth a sheachadadh. Tá dhá ionad taighde sa Scoil: an tIonad um Thaighde ar Bhonneagar Criticiúil agus an tIonad um Thaighde ar Acmhainní Uisce. Áirítear leis an teagasc agus an taighde laistigh den Scoil réimsí na n-ábhar tógála: oibriú, na struchtúr, na ceimice uisce agus fuíolluisce, hidrálac, geoiteicnic, agus na priontáil 3T.

Is cuid thábhachtach dár bpunanna taighde agus teagaisc araon iad saotharlanna na Scoile, agus beidh an té a cheapfar ina bhall den fhoireann theicniúil saotharlainne i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta. Beidh taithí agus cáilíochtaí a bhaineann le hinnealtóireacht sibhialta ag an té a cheapfar. Beidh orthu tascanna ginearálta, dualgais chothabhála a dhéanamh laistigh de na saotharlanna, chomh maith le tacaíocht theicniúil a sholáthar (saotharlannbhunaithe agus allamuigh araon). Cuirfidh siad tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde fochéime agus iarchéime sa Scoil, chomh maith le tacú le gníomhaíochtaí taighde agus teagaisc fhoireann teagaisc agus taighdeoirí lardhochtúireachta na Scoile. Beidh scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth agus eitic oibre láidir ag an té a cheapfar.

Is iad croíluachanna na Scoile ná sármhaitheas sa taighde agus san oideachas araon, comhghleacaíocht, agus toilteanas chun páirt a ghlacadh sa saol ollscoile agus gairmiúil. Tá an Scoil tiomanta dá teagasc, dá taighde, agus dá rannpháirtíocht leis an tsochaí a fheabhsú. Beidh an ceapaí in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i mbaint amach aidhmeanna straitéiseacha na Scoile, agus rannchuidiú suntasach a dhéanamh le taithí na mac léinn i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD.

Príomhdualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Scileanna Teicniúla

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann.
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon.
- Coinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí teicniúla agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua.

Sláinte agus Sábháilteacht:

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn.
- A chinntiú go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh cosanta agus éadaí mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá.

- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú.

Bainistíocht agus Pleanáil:

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint.
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach.
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála.

Scileanna Idirphearsanta:

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe.
- Éisteacht le daoine eile agus plé leo go tuisceanach agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin.
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionductúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua.
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne.

Riachtanais Seirbhíse

- Cur chuige seirbhíse gairmiúil a léiriú i ngach gné den obair.
- Tascanna ginearálta a dhéanamh, lena n-áirítear dualgais chothabhála agus cothabhála a bhaineann le cothabháil ghinearálta agus slacht na spásanna saotharlainne agus láithreacha na hoibre allamuigh.

Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme.
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile.
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a athrú de réir mar is cuí.

95 Scála Tuarastail Oifigeach Teicniúil_2013: €47,261 - €61,932 in aghaidh na bliana.

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínite na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis phinsin ar fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltimid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tá tuilleadh eolais maidir le hÉagsúlacht le fáil ag

<https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a chuireann in iúl go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas nó go bhfuil sé nó sí néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Mandatory:

- Céim Onóracha (do dhaoine a thosaigh in UCD tar éis mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006).
- Taithí ar sholáthar seirbhísí saotharlainne agus cleachtais saotharlainne.
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa.
- Cumas chun oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas chun oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne.
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena n-áirítear cumas léirithe chun oibriú go cruinn agus aird á tabhairt ar mhionsonraí.
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hobair shaotharlainne.
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde.
- Toilteanas páirt a ghlacadh in oiliúint agus i gcúrsaí chun tacú le ceann amháin nó níos mó de na saotharlanna speisialaithe sa Scoil.
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas chun cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag forbairt.

Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD

- Ní mór go léireodh iarrthóirí feasacht ar an gclár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe.

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ar obair i saotharlann nó i dtimpeallacht ceardlainne
- Taithí bheith ag obair i suíomh oideachais, lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn.
- Scileanna ginearálta ceardlainne (úsáid uirlisí láimhe agus cumhachta, agus déantúsaíocht)
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Taithí ag obair le conraitheoirí agus daoine eile i soláthar, suiteáil agus cothabháil trealaimh
- Ceadúnas tiomána gan smál.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú:	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/eacollege/
Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid:	https://www.ucd.ie/civileng/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/